*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2021





LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2021

Arna foilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

©Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2022

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: +353 1 603 0200
Ríomhphost: info@nli.ie
Suíomh gréasáin: www.nli.ie

Íomhá chlúdaigh: Myles Shelly



# Ábhar

| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Sracfhéachaint ar 2021 | 4 |
| Bailigh | 6 |
| Cosain | 10 |
| Nocht | 12 |
| Dul i dTeagmháil | 14 |
| Nuáil | 22 |
| Ráitis Airgeadais 2021 | 27 |





# Ráiteas An Chathaoirligh

D'ainneoin dhúshláin leanúnacha COVID-19 agus na mbeart riachtanach chun a leathadh a chosc, bhí áthas ar an mBord gur lean an fhoireann ag an Leabharlann Náisiúnta de sheirbhísí a sholáthar, de na bailiúcháin náisiúnta a bhailiú, a chosaint agus a chomhroinnt, dár dteagmháil dhigiteach a shíneadh agus de thionscadal caipitiúil bunathraitheach na Leabharlainne Náisiúnta a chur chun cinn ar feadh 2021.


Tar éis chuig mhí de dhúnadh, b'ábhar ceiliúrtha é seoladh 'Living with Pride: Photographs by Christopher Robson'. Bhí clár imeachtaí ag gabháil leis an taispeántas sin inar bpléadh féiniúlacht agus eispéireas an phobail LADTI+ in Éirinn. Leis an tionscadal suaitheanta sin treisíodh tiomantas na Leabharlainne Náisiúnta do ghnéithe uile shaol na hÉireann a thaifeadadh.

Feabhsaíodh na bailiúcháin le sealbhuithe tábhachtacha, lenar áiríodh páipéir an údair chlúitigh Edna O'Brien, lena gclúdaítear an tréimhse 2009 go 2021, agus cartlann an fheachtais #WakingTheFeminists. Leis na saothair sin cuidítear le bearnaí criticiúla inár mbailiúcháin náisiúnta a líonadh.

Ar feadh na bliana lean an fhoireann ag an Leabharlann Náisiúnta de dhíriú ar theagmháil dhigiteach chun tacú le spriocluchtanna le linn COVID-19 trí thaispeántais ar líne, turais, ceardlanna, imeachtaí agus tacaíocht taighde. D'fhás teagmháil dhigiteach na Leabharlainne Náisiúnta in 2021 de réir mar a rinneamar teagmháil le níos mó daoine ar fud na hÉireann agus an domhain ná riamh, agus chonaiceamar tairbhí fiche nó tríocha bliain d'infheistíocht sa digitiú agus i rochtain dhigiteach.

B'údar misnigh dúinn leanúint na hoibre a fheiceáil ar thionscadal spreagúil na Leabharlainne Náisiúnta 'an Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú', lena n-athrófar ó bhonn an Sciathán Iartharach Victeoiriach go spás poiblí iontach. In éineacht lenár gcomhpháirtithe in Oifig na nOibreacha Poiblí agus sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán rinneamar dul chun cinn suntasach d'ainneoin thionchar COVID-19.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus lena cuid oifigeach as a dtacaíocht láidir leis an Leabharlann Náisiúnta, agus tiomantas eiseamláireach mo chomhghleacaithe ar an mBord a mholadh mar aon le gach ball ar fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta sa bhliain dhúshlánach seo. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá ag dul as oifig, an Dr. Sandra Collins, a d'fhág an leabharlann chun an post de Leabharlannaí a ghlacadh le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Óna ceapachán in 2015, thaispeáin an Dr. Collins fís, díograis agus tiomantas a bhí iontach. Stiúir sí an Leabharlann Náisiúnta trí thréimhse éachtaí móra agus is mór an chailliúint í.



Eoin McVey



# Sracfhéachaint ar 2021

**200**
**tír**
Cuairteoirí ó bhreis is 200 tír, go fisiciúil agus ar an ngréasán

**8.3**
8.3 teiribheart sonraí bailithe ó shuíomhanna gréasáin Éireannacha

**140,000**
Breis is 140,000 earra digitithe le fáil ar lín

Cuireadh níos mó ná 31,000 taifead lenár mbailiúchán

**+ 31,000**

**15,275**
leabhar, páipéar nuachtán agus tréimhseachán nua

**31 million**
31 mhilliún idirghníomhú ar líne

**94,137**
Leantóirí ar na meáin shóisialta
- Facebook: 31,261
- Twitter: 43,666
- Instagram: 19,210

**8,480,570**
amharc ar Flickr

**25,010**
**Tinreamh ar líne**
25,010 D'fhreastail 25,010 duine ar thaispeántais, ar thurais, agus ar imeachtaí ar líne

**2**
**Thaispeántas oscailte**
Gníomhachas LADT+ in Éirinn á cheiliúradh: 'Living with Pride: Photographs by Christopher Robson'

+

Seasca bliain de theilifís in Éirinn á gceiliúradh: 'Ireland on the Box'

# Bailigh

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an leabharlann oifigiúil d'Éirinn. Tugaimid aire do níos mó ná dhá mhilliún earra déag. Mar leabharlann taisce dlíthiúla tá muid i dteideal cóip de gach rud a fhoilsítear sa Stát a fháil, agus bailímid ábhar Éireannach go gníomhach a fhoilsítear lasmuigh den Stát, ionas go mbíonn taifead cuimsitheach de leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin Éireannacha san áireamh lenár mBailiúcháin Fhoilsithe.

San áireamh le Bailiúcháin Speisialta na Leabharlainne tá saibhreas iontach de lámhscríbhinní, de phriontaí agus líníochtaí, d'earraí inbhailithe agus de ghrianghraif.

Áirítear lenár mBailiúcháin Dhigiteacha níos mó ná 140,000 earra arna ndigitiú ó bhailiúcháin na Leabharlainne, agus bailímid ábhar digitghinte a cruthaíodh go hiomlán i bhformáid dhigiteach.



Is cuid bhunúsach dár gcuid oibre ná fás bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta, agus ar feadh 2021 leanamar de chur lenár mBailiúcháin Speisialta trí bhronntanais agus trí cheannacháin. Bhí lúcháir orainn cartlann an údair chlúitigh Éireannaigh Edna O'Brien a fháil, lena gclúdaítear an tréimhse 2009 - 2021. Cuireadh an chartlann sin le bailiúchán a cuid saothar ag dul siar go dtí 2000 - 2009 atá i seilbh na Leabharlainne Náisiúnta cheana. Ba nóiméad tábhachtach é an sealbhú sin maidir le bailiú saothair le scríbhneoirí ban na hÉireann, agus bhí sé indéanta mar gheall ar leithdháileadh speisialta maoinithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Leanamar de chur le saibhreas an ábhair a bhain le Deich mBliana de Chomóradh Chéad Bliain nuair a sealbhaíodh ábhar a bhain le Eoin O'Duffy; Cath na gCeithre Cúirteanna, 1922; agus grianghraif de Chomplacht Meaisínghunnaí an Chéad Chathláin i bPáirc an Fhionnuisce le linn an tSosa Cogaidh, 1922. Trí bhronntanais ón acadóir Íde B O'Carroll agus ón ngníomhaí ar son chearta an duine Kieran Rose, cuireadh lenár gCartlann Aiteach Éireannach.

I measc sealbhuithe suntasacha eile bhí páipéir an fhile, an úrscéalaí, agus an dramadóra rainn, Austin Clarke; bailiúchán de ghrianghraif neamhfhoirmiúla d'aisteoirí agus d'aisteoirí breise a tógadh le linn na scannánaíochta ar 'The Quiet Man' i 1951; bailiúchán earraí ón 18ú haois go dtí an 20ú haois, ó dhíol inneachar Chaisleán Bhinn Éadair.

Bhí lúcháir orainn bronntanas de leabhar eagráin theoranta a fháil dar teideal 'I Call My Soul My Own' le Earnán Ó Máille agus Dorothy Stewart.





Edna O'Brien



Grianghraif arna dtógáil le linn scannánaíochta ar 'The Quiet Man'

# Sealbhuithe 2021

**7,820**
**Nuachtán**

+

**3,216**
**Thréimhseachán**

**4,239**
**Leabhar sealbhaithe**

**700**
**suíomh gréasáin Éireannach bailithe agus caomhnaithe**

**150**
**Breis is 150 sealbhú do Bhailiúcháin Speisialta***


*áirítear leis sin earraí aonair agus bailiúcháin

## Bailiúcháin Dhigiteacha

Trí Threoirthionscadail Dhigiteacha LNÉ is é an aidhm na dóigheanna a shíneadh ina mbailímid scéal 'digitghinte' na hÉireann agus rochtain a chur ar fáil air, agus ábhar á chumasú amhail físeáin, doiciméid dhigiteacha agus íomhánna digiteacha chun bheith ina chuid de na bailiúcháin náisiúnta. I Eanáir d'fhógair muid #WakingThe Feminists - an eagraíocht a bhí i gceannas fheachtas an-rathúil na ngnáthdhoine maidir le comhionannas do mhná i ndrámaíocht in Éirinn idir 2015 agus 2016 - mar an rannpháirtí is déanaí sa tionscadal 'Treoirthionscadail Dhigiteacha' dár gcuid. Is taifead digiteach í an chartlann a bronnadh ar ghníomhaíochtaí an fheachtais #WakingTheFeminists.

I Nollaig bhronn The Trailblazery - ghníomhaireacht chultúrtha atá tiomanta do spiorad na linne seo a ghníomhachtú - Daonáireamh den Chroí dá cuid ar an Leabharlann Náisiúnta. Ba dhaonáireamh malartach in Éirinn é sin a rinneadh in 2016 chun bheith ar siúl ag an am céanna le daonáireamh náisiúnta 2016 agus le comóradh 100 bliain Éirí Amach na Cásca 1916.






'I Call My Soul My Own' le Earnán Ó Máille agus Dorothy Stewart.




Feachtas #WakingTheFeminists

# Cosain

Is tosaíocht leanúnach dúinn fós na bailiúcháin náisiúnta mar aon lenár bhfoireann agus úsáideoirí a chosaint agus a choinneáil slán de réir mar a bhíonn siad i dteagmháil leis an Leabharlann Náisiúnta. Is príomhfheidhm na Leabharlainne Náisiúnta é cúram do na bailiúcháin agus cuirtear ar ár gcumas leis rochtain inbhuanaithe a chinntiú ar na bailiúcháin náisiúnta. Áirítear leis bearta cosanta, cóireáil chaomhnaithe, caomhnú coisctheach, cóiríocht shainoiriúnaithe a sholáthar agus a chothabháil chun bailiúcháin a bhailiú agus a úsáid, catalógú agus meiteashonraí, digitiú, cosaint dhigiteach, slándáil agus pleanáil um athshlánú ó thubaiste. Leis na tascanna criticiúla sin cuirtear taca faoi gach rud a dhéanaimid agus cinntítear leo go gcoimeádaimid na bailiúcháin náisiúnta slán do na glúnta le teacht.

## Caomhnú agus Cosaint

Cosnaíonn agus caomhnaíonn an Roinn Caomhnaithe na bailiúcháin náisiúnta, agus a mbail á feabhsú agus damáiste á chosc. Tugann caomhnóirí comhairle maidir le conas earraí a láimhsiú go sábháilte, conas bail an ábhair a mheasúnú agus conas é a athlonnú, agus tugann siad comhairle do bhaill an phobail maidir le cúram do bhailiúcháin. Cuireadh bac nach beag ar obair na foirne le linn 2021 mar gheall ar easpa rochtana ar an láithreán agus ar na bailiúcháin. Ach leanadh den obair, áfach, nuair a bhí sí indéanta ar phríomh-thionscadail amhail bailiúcháin a ghlanadh, a chóireáil agus a athlonnú agus earraí a ullmhú le haghaidh digitithe agus taispeántas ag an Leabharlann Náisiúnta agus ag áiteanna eile.

Áiríodh leis sin ábhar a chaomhnú le tabhairt ar iasacht do na Taispeántais 'Vicereines of Ireland' agus 'The Treaty, 1921: Records from the Archives' ag Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Reáchtálann an Leabharlann Náisiúnta clár intéirneachta caomhnaithe bliantúil, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta.






Intéirneach Jen Bowens ag obair ar phóstaer uathúil



Meáchain ar lámhscríbhinn

# Nocht

Tá scéal na hÉireann á nochtadh ag an Leabharlann Náisiúnta le haghaidh 150 bliain beagnach. Tá seirbhísí staire teaghlaigh againn mar aon le spásanna taighde do Bhailiúcháin Fhoilsithe agus Speisialta, agus is féidir linn for-rochtain a dhéanamh lasmuigh de na foirgnimh fhisiceacha dár gcuid, de réir mar a chuirtear ár mbailiúcháin ar fáil do líon úsáideoirí níos mó ná riamh trí chatalógú agus trí rochtain dhigiteach. Tá catalógú fós ina phríomhfheidhm trína ndéantar bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta infheicthe do dhaoine ar fud an domhain agus trí dhigitiú ligtear d'úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhair cibé áit ina bhfuil siad.

Rinneadh **14,450** earra a dhigitiú in 2021

Cuireadh **31,000** taifead lenár mbailiúcháin in 2021

## Buaicphointí Digitithe

Rinneamar 14,450 earra a dhigitiú in 2021. Áiríodh leo sin 6,421 ghrianghraf agus 7,969 lámhscríbhinn, chomh maith le priontaí agus líníochtaí, leabhair, léarscáileanna, agus earraí eile.

Áiríodh le hearraí ónár mBailiúcháin Fhoilsithe a rinneadh a dhigitiú in 2021 an nuachtán 'The Scourge' (1866) agus 'The Irish Limelight' (1917 - 1918), irisleabhar uathúil scannáin na hÉireann. Cuireadh tús le hobair ar thionscadal chun ár n-ábhair chlóite sa Ghaeilge roimh 1871 a dhigitiú.

## Clár Tógála

Is é ár dtionscadal forbartha caipitiúla ilbhliantúil 'An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú' ár nochtadh is tábhachtaí ó osclaíodh ár ndoirse i 1890. D'ainneoin an chur isteach leanúnach mar gheall ar an bpaindéim, rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain ar an tionscadal bunathraitheach sin, lena gcuirfear rochtain uilíoch ar fáil ar an bhfoirgneamh mar aon le spásanna poiblí nua iontacha inár Sciathán Iartharach Victeoiriach.


Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) conradh um oscailt oibreacha i gcrích lenar áiríodh ábhar nach raibh ann ón tús a bhaint, amhail spiaraí, doirse agus feistis. Bhí sonraí um dheisiú an chreatlaí forbartha go maith agus rinneadh dul chun cinn freisin ar an dearadh mionsonraithe.

Sa bhreis ar an tionscadal forbartha caipitiúla, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, tá clár oibreacha cumasaithe agus cothabhála againn agus in 2021 críochnaíodh oibreacha suntasacha ar na hoifigí riaracháin dár gcuid.


Rinneadh dul chun cinn freisin ar oibreacha coigilte fuinnimh agus athchóirithe le huasghráduithe breise ar shoilsiú, uasghráduithe ar choirí agus suiteáil gloinithe thánaistigh in oifigí agus i seomraí cruinnithe áirithe.






30 May 1989
Is the play about him?
[Perhaps Kate alone knows the full story.]

Tógáil an tí sholais ag an gCarraig Aonair agus litir ó Brian Friel



Stacaí Victeoiriacha leabhar sa Sciathán Iartharach

# Dul i dTeagmháil

Le traidisiún fáilte na Leabharlainne Náisiúnta cuirtear taca faoi gach rud a dhéanaimid agus tá teagmháil leis an bpobal ina cuid bhríomhar agus lárnach dár gcuid oibre. Le taispeántais, imeachtaí, turais agus gníomhaíochtaí foghlama cuidítear linn teagmháil chuimsitheach a chur chun cinn leis na bailiúcháin atá á gcoimeád ar iontaobhas againn.

Oibrímid le comhpháirtithe chun níos mó a bhaint amach le chéile ná mar a bheadh indéanta inár n-aonar. Bhain tábhacht ar leith leis an traidisiún sin de chomhpháirtíocht sa bhliain dhúshlánach seo nuair nach raibh ach líon beag daoine in ann cuairt fhisiceach a thabhairt ar an Leabharlann Náisiúnta.

## Líon na gCuairteoirí Ar Líne


| | |
|---|---|
| An Príomhsheomra Léitheoireachta | 2,071 |
| Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní | 839 |
| Seomra Staire Teaghlaigh | 352 |
| Seamus Heaney: Listen Now Again | 5,897 |
| Cartlann Ghrianghrafadóireachta | 5,979 |
| Taispeántas Yeats | 2,374 |
| MoLI | 13,514 |

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus ar na bearta riachtanacha chun a leathadh a theorannú, bhí ár láithreáin dúnta don phobal le haghaidh cúig mhí beagnach in 2021 agus bhí siad ar oscailt an chuid eile den bhliain ar bhonn áirithinte roimh ré le seirbhísí agus uaireanta srianta. Léirítear é sin sna figiúirí níos lú de chuairteoirí pearsanta ar ár dtaispeántais agus ar sheirbhísí ar an láithreán ná mar a bhí ann i mblianta roimhe seo.



## Top Facebook Posts




## Top Twitter Post




## Top Instagram Post



# Taispeántais, Imeachtaí agus Teagmhálacha

## Rannpháirtíocht ar líne

**Amhairc ar Shuíomh Gréasáin na Leabharlainne Náisiúnta**

**3,089,125**

**Amhairc ar an gClár**

**2,793,558**

**Amharc ar Flickr**

**8,480,570**

**21%**

**Fás Bliantúil 21% thar Facebook, Twitter agus Instagram**



## Living with Pride

I Márta sheolamar ‘Living with Pride’, clár suaitheanta lenar bpléadh an fhéiniúlacht LADTI+ sna fiche nó tríocha bliain atá caite. Áiríodh leis an gclár an taispeántas fisiceach agus ar líne ‘Living with Pride: Photographs by Christopher Robson’ lena ndearnadh saothar an ghrianghrafadóra agus an ghníomhaí Christopher Robson a thabhairt chun suntais, a osclaíodh i Meitheamh.

Rinne páirtí sibhialta Christopher Bill Foley an taispeántas a choimeád go comhpháirteach agus rinne an gníomhaí Tonie Walsh ár gclár imeachtaí a choimeád go comhpháirteach.

Áiríodh le buaicphointí an chláir ceardlanna inar bpléadh an Chartlann Aisteach Éireannach; ceardlanna scríbhneoireachta do dhéagóirí; agus díospóireachtaí painéil maidir le féiniúlacht agus gníomhaíochas. Cuireadh deireadh leis an tsraith i Nollaig le comhrá idir an scríbhneoir Colm Tóibín agus Sasha de Buyl, maidir le ‘The Blackwater Lightship’.



## Seamus Heaney: Listen Now Again


Dúnadh ár dtaispeántas ‘Seamus Heaney: Listen Now Again’ ar feadh 2021 go dtí Bealtaine. Le linn na bliana, leanamar d’imeachtaí éagsúla a thairiscint ar líne. I measc na mbuaicphointí bhí turais threoraithe agus ceardlanna ‘grinnléitheoireachta’ d’aosaigh agus do scoileanna, agus ár gclub leabhar míosúil ar a raibh an-tóir. Thugamar ateangaireacht agus fotheidealú Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) isteach chuig cuid mhaith dár léachtaí agus cainteanna.


Rinneadh an leagan taistil den taispeántas ‘Seamus Heaney: Listen Now Again’, a léiríodh i gcomhar leis an Roinn Ghnóthaí Eachtracha, a shuiteáil in Ambasáid na hÉireann i bPrág i nDeireadh Fómhair 2021 le téacs aistrithe.



## Taispeántas Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats

Athosclaíodh an Taispeántas ‘Yeats: The Life and Works of William Butler Yeats’ don phobal i nDeireadh Fómhair. Bhí an-tóir ag an bpobal ar thurais fhíorúla lenar áiríodh ‘Yeats and Nature, ‘Yeats, Fairytales and Folklore’, agus ‘Yeats and Theatre’ ar feadh na bliana agus níos mó ná 100 duine ó ar fud an domhain ag freastal ar gach seisiún go rialta.





## Taispeántais Ar Líne

Sheolamar trí thaispeántas ar líne in 2021, agus gach ceann acu ar fáil as Béarla nó as Gaeilge: 'Ó Achrann go Sos Cogaidh: Grianghraif Chogadh na Saoirse', 'Súil Nua-aimseartha: Éire de chuid Helen Hooker O'Malley' agus 'Ag Maireachtáil le Mórtas: Grianghraif le Christopher Robson'.

## Sraith Litríochtaí Teorainneacha

I meán Fómhair sheolamar clár sé mhí léitheoireachta agus comhrá ar líne lenar bpléadh teorainneacha i litríocht. Rinne an tOllamh Nicholas Allen, ag Ollscoil Georgia, an tsraith a choimeád go comhpháirteach.








## Sraith Comhráití an Stiúrthóra

I Mí Aibreáin thionólamar ar gcéad imeacht de Chomhrá an Stiúrthóra agus an Dr. Joseph Hassett, dlíodóir, scoláire Yeats agus údar, i gcomhrá leis an Ollamh Margaret Kelleher, Ollamh agus Cathaoirleach ar Léann Angla-Éireannach ag COBÁC.

## Léacht Yeats an Dr. Joseph Hassett

II Meitheamh, thug Theo Dorgan, file, údar agus scríbhneoir scripte clár faisnéise, léacht bliantúil Yeats an Dr. Joseph Hassett dár gcuid dar teideal 'WB Yeats: Cold Stone and Water'.

## Clár na nDeich mBliana de Chuimhneacháin

I Meán Fómhair, i gcomhar leis an gCartlann Náisiúnta agus faoi chuimsiú Chlár na nDeich mBliana de Chuimhneacháin, d'óstálamar 'Bring me into the spotlight of a London conference: Michael Collins from Truce to Treaty', léacht leis an Dr. Anne Dolan agus leis an Dr. William Murphy, arna mhodhnú ag David McCullagh. Rinneadh an t-imeacht a bheoshruthú ónár Seomra Léitheoireachta aitheanta agus d'fhreastail 433 dhuine air.








## Filí Cónaithe

D'oibríomar i gcomhpháirtíocht le Féile Idirnáisiúnta Litríochta na Cúirte ar chlár um fhile cónaithe ar feadh 2021. Chuaigh an file a bhfuil duaiseanna buaite aige Seán Hewitt i ngleic le hábhar sa Chartlann Aiteach Éireannach chun roinnt saothar a dhéanamh. Is í Comhairle na nEalaíon a mhaoinigh an chónaitheacht.

I Meitheamh bhí áthas an domhain orainn fáilte a chur roimh an Dr. Julie Morrissy mar chéad Fhile Cónaithe na nDeich mBliana de Chuimhneacháin.

## Ireland on the Box

Seoladh an taispeántas 'Ireland on the Box' i Mí na Nollag ag ár gCartlann Grianghrafadóireachta Náisiúnta, chun seasca bliain de theilifís in Éirinn a cheiliúradh. Rinne Cartlann RTÉ an comhshaothar sin idir RTÉ agus an Leabharlann Náisiúnta a choimeád agus pléann sé cláir siamsaíochta, drámaíochta, spóirt, ceoil, oideachais agus nuachta agus cúrsaí reatha, trí bhailiúchán grianghraf de chuid RTÉ.








## Coimisiúin Chruthaitheacha

Is dóigh thábhachtach í don Leabharlann Náisiúnta obair a dhéanamh le daoine cruthaitheacha chun tacú le saol cultúrtha an náisiúin agus chun cur lenár mbailiúcháin.

### Breacadh an lae i dtír na ndealbh

I Mí Eanáir, coimisiúnaíodh scríbhneoir Henrietta McKervey agus ealaíontóir Stephanie Sloan chun freagairt a dhéanamh i dtéacs agus in íomhánna d'fhoirgnimh agus do bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta nuair a bhí na foirgnimh fós dúnta.

### Coimisiún Eoin O'Malley

Ag deireadh 2021, d'oibríomar leis an ealaíontóir Eoin O'Malley chun pictiúr a tháirgeadh a bhí ina phríomhghné de chárta séasúrach bliantúil na Leabharlainne Náisiúnta.

# Nuáil

Bhí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcónaí nuálach, agus ar ndóigh is nuálaíocht radacach é a leithéid de choincheap de leabharlann náisiúnta mar thaisce eolais agus cuimhne an náisiúin, ar fáil saor in aisce do chách. Is ceannródaí muid maidir le bailiú digiteach agus digitiú, agus tá níos mó ná 140,000 earra ó na bailiúcháin náisiúnta digitithe againn.

## COVID-19

Le linn COVID-19 thaispeánamar nuáil agus solúbthacht trí dhul in oiriúint le cianobair agus trínár seirbhísí a sholáthar ar líne, agus ar an láithreán freisin áit a raibh orainn ár gcleachtais oibre a oiriúnú. Trí athfhorbairt ár imeachtaí le bheith in oiriúint d'ardáin ar líne cuireadh ar ár gcumas a bheith níos ionchuimsithí agus teagmháil níos fairsinge a dhéanamh.

Rinne an Leabharlann Náisiúnta athruithe ar ár bhfeidhmeanna maidir le hordú agus ticéid léitheoirí chun freagairt do shrianta athraitheacha phaindéim COVID-19. Leis sin ligeadh dár léitheoirí leanúint de leas a bhaint as ár mbailiúcháin go sábháilte trí choinní bainistithe de réir mar a ceadaíodh leis na srianta. Bhí lúcháir orainn chun a fheiceáil go raibh níos mó ná 70% de na sliotáin inár Seomraí Léitheoireachta curtha in áirithe roimh ré idir Bealtaine agus Nollaig in 2021.


## Cartlannú Roghnaitheach Gréasáin

Gach bliain, déanaimid gréasán na hÉireann a chartlannú go roghnaitheach ar bhonn ceada, le hionchur ón bpobal. Sa chartlann, is féidir na láithreáin a bhrabhsáil go díreach mar a dhéanfadh úsáideoir ar an ngréasán agus tá siad sábháilte fiú má dhéantar an suíomh gréasáin a athrú ina iomláine nó má imíonn sé as amharc.

Lenár mbailiúchán sa chartlann ghréasáin déantar suíomhanna gréasáin ó 2011 go dtí na linne seo ina bhfuil ábhar Éireannach a bhuanú agus cuirtear ar fáil go hoscailte iad. Le linn 2021 rinneamar cuardach ar 700 suíomh gréasáin, agus chuireamar 8.3 TB breise de shonraí leis an gcartlann. Cumhdaíodh raon mór suíomhanna ó chultúr, ón diaspóra agus ón oideachas go spórt agus gluaiseachtaí sóisialta.

Leanadh dár mbailiú i leith COVID-19 le linn 2021. Rinneamar freagairt na hÉireann don phaindéim a thaifeadadh, ag féachaint ar an dóigh a ndeachaigh sí i bhfeidhm ar sheirbhísí sláinte, ar an saol laethúil agus ar earnálacha amhail cultúr agus turasóireacht.






Suíomhanna atá san áireamh lenár gcartlann suíomhanna roghnaitheach: Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Ionad Pobail Éireannaigh Lewisham





Ar Líne ag an Leabharlann Náisiúnta

## Comhpháirtíochtaí Digiteacha

Lean Bailiúcháin Dhigiteacha d'obair a dhéanamh le comhpháirtithe tionscadail lenar áiríodh Cartlann Ceol Traidisiúnta na hÉireann (ITMA), Cartlann 100 agus Líonra de Chartlanna Pobail na hÉireann (iCAN) maidir le bailiúcháin um chartlann ghréasáin a fhorbairt i dtaca le ceol traidisiúnta na hÉireann, dearadh agus stair an phobail.

D'fhonn Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh d'oibrigh an Leabharlann Náisiúnta le Cartlann 100 chun 'Capturing Communication: 10 years of Ireland, design and the web' a óstáil. I measc na gcainteoirí bhí Christine Bohan, Leas-Eagarthóir The Journal.ie in éineacht le Emma Conway agus Joanna Finegan ón Leabharlann Náisiúnta.

Bhí baill foirne ón Leabharlann Náisiúnta ina mbaill choiste ar an gCuibhreannas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Idirlín (IIPC), an Chomhghuaillíocht um Chaomhnú Digiteach (DPC) agus Líonra Scoláireachta Digití Éireann (DSN-IE).

D'eagraíomar imeacht ar líne freisin don Lá Domhanda um Chaomhnú Digiteach i Samhain, ar an téama 'Bacainní a Bhriseadh Síos', le níos mó ná 100 rannpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Leis an imeacht, cuireadh deis ar fáil chun dúshláin agus féidearthachtaí a bhaineann le caomhnú digiteach fadtéarma a phlé. Chualamar ó raon leathan cainteoirí lenar áiríodh Maria Ryan ón Leabharlann Náisiúnta a thug caint dar teideal 'The NLI Web Archive: a ten-year journey.'

## Catalóg Ar Líne Nuashonraithe

I Samhain bhí áthas orainn leagan nuashonraithe agus níos so-aimsithe dár gcatalóg ar líne a sheoladh (https://catalogue.nli.ie). Leis an gcomhéadan nua, baintear leas as an bhFormáid Idirnáisiúnta um Idirmhalartú Íomhánna (IIIF) is déanaí lena gcuirtear bealach ar fáil dúinn ár n-ábhar digitithe a dhéanamh inroinnte agus in-athúsáide.






Comhpháirtíocht dhigiteach agus catalóg ar líne

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Ráitis Airgeadais 2021


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 28 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 33 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 38 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 39 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim | 41 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 42 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

### Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

## Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) i gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Tá an Bord freagrach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tá sé freagrach as rialachas mhaith a chinntiú. Déanann sé seo trí aidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus tógáil cinntí straitéiseacha ar gach cúrsa thábhachtach ghnó. Is é an Stiúrthóir agus an fhoireann ceannaireachta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil LNÉ. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ceannaireachta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leanúint atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Leabharlainne.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí na ndaoine uile a bhfuil baint acu le hoibriú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) maidir le comhaltaí Boird, an Cathaoirleach agus an Rúnaí. Leagtar amach sa Chód freisin na gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo a leanas le míreanna buana a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó na coistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta, agus
- Ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaítear ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a fhaomhadh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád.

**Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:**

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú; agus
- A lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.



Deimhníonn an Bord gur chloígh sé leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le cruinneas réasúnta tráth ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 35 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a thugtar ar shuíomh Gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá an Bord freagrach as plean bliantúil agus as na buiséid a fhaomhadh. Déantar measúnú leanúnach ar fheidhmíocht LNÉ trí thagairt dá plean bliantúil agus dá buiséad. Tá an Bord freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais LNÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NLÉ amhail an 31ú Nollaig 2021. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadas don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 an 4ú Lúnasa 2022.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, agus cheap an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse 3 bliana nó 5 bliana agus tagann siad le chéile 6 huaire sa bhliain.

Sa Tábla thíos tá sonraí faoi thréimhse cheapacháin chomhaltaí an Bhoird:

| Comhaltaí Boird | Ról | An Dáta a Ceapadh an Comhalta | Dáta Éaga an Téarma | Tuilleadh Mionsonraí |
|---|---|---|---|---|
| **Eoin McVey** | Cathaoirleach | Ceapadh mar ghnáth-chomhalta ar an 8 Feabhra 2021, agus ceapadh mar Chathaoirleach ar an 29 Iúil 2021. | 7 Feabhra 2026 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| **An tOllamh Maeve Conrick** | Gnáthchomhalta | 24 Samhain 2020 | 23 Samhain 2023 | Athcheapadh in 2020 |
| **An tOllamh Conor Kostick** | Gnáthchomhalta | 24 Samhain 2020 | 23 Samhain 2023 | Athcheapadh in 2020 |
| **Jennifer Taaffe** | Gnáthchomhalta | 24 Samhain 2020 | 23 Samhain 2023 | Athcheapadh in 2020 |
| **An tOllamh Marie Bourke** | Gnáthchomhalta | 8 Feabhra 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| **Katherine McSharry** | Gnáthchomhalta | 8 Feabhra 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní Fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| **John Grenham** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lisa Grimm** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lorelei Harris** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An tOllamh Kalpana Shankar** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Caitriona Sharkey** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |

Chuir an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht i gcrích i Nollaig 2021 agus chuir sé athbhreithniú féinmheasúnaithe seachtrach i gcrích i Márta 2019.

Tá trí fhochoiste ann sa Bhoird a bhfuil dhá cheann dóibh reachtúil, is iad sin an Coiste Comhairleach do Léitheoirí agus an Coiste Ginealais agus Araltais, agus coiste amháin nach bhfuil reachtúil, an Coiste Iniúchóireachta Riosca (ARC).

- Ceapadh beirt comhaltaí boird don Choiste Comhairleach do Léitheoirí i nDeireadh Fómhair 2021 agus ceapadh ceathrar comhaltaí neamhspleácha seachtracha i Feabhra 2022. Is í príomhfheidhm an Choiste Chomhairligh do Léitheoirí comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Leabharlann. Níor tháinig an coiste sin le chéile le linn 2021.
- Ceapadh ceathrar comhaltaí boird don Coiste Ginealais agus Araltais i nDeireadh Fómhair 2021 agus ceapadh ceathrar comhaltaí neamh-bhoird seachtracha i Nollaig 2021. Is í príomhfheidhm an Coiste Ginealais agus Araltais, comhairle a thabhairt don Bhord maidir le gnóthaí a thagann chun cinn as cumhachtaí reachtúla an Bhoird agus maidir le feidhmeanna sna réimsí a bhaineann le ginealas agus araltas. Níor tháinig an coiste sin le chéile le linn 2021.
- Tá an ARC comhdhéanta de cheathrar comhaltaí boird agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin. Is é ról an ARC tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sainiúil, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh leo. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord. Bhí ceithre chruinniú den ARC ar siúl in 2021. Seo a leanas comhaltaí an ARC le linn 2021:
- An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh (Cathaoirleach a ceapadh an 7ú Deireadh Fómhair 2021).
- An tOllamh Maeve Conrick (Cathaoirleach a ceapadh an 15ú Feabhra 2021 go dtí an 7ú Deireadh Fómhair 2021 agus a lean mar ghnáthchomhalta tar éis an 7ú Deireadh Fómhair 2021
- An Dr. Marie Bourke (ceaptha an 15ú Feabhra 2021 agus a d'éirigh as oifig mar ghnáthchomhalta an 7ú Deireadh Fómhair 2021)
- An tUasal Jennifer Taaffe (ceaptha an 15ú Feabhra 2021)
- An tUasal Caitriona Sharkey (ceaptha an 7ú Deireadh Fómhair 2021)
- An tUasal Teresa Harrington (comhalta neamhspleách seachtrach - cuntasóir cáilithe, ceaptha an 15ú Feabhra 2021)



## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na Coistí do 2021 leagtha amach thíos, chomh maith leis na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| Comhalta Boird | Bord | An Coiste Iniúchóireachta Riosca | An Coiste Comhairleach do Léitheoirí | An Coiste Ginealais Araltais | Táillí Boird € | Speansais Dheimhnithe € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | 6 | 4 | - | - | | |
| Eoin McVey | 6 | | | | - | - |
| An tOllamh Maeve Conrick | 6 | 4 | | | - | - |
| An tOllamh Conor Kostick | 6 | | | - | - | - |
| Jennifer Taaffe | 6 | 3 | | | - | - |
| An tOllamh Marie Bourke | 6 | 2 | | | - | - |
| Katherine McSharry | 6 | | - | | - | - |
| John Grenham | 2* | | | - | - | - |
| Lisa Grimm | 2* | | | - | - | - |
| Lorelei Harris | 2* | | - | | - | - |
| An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh | 2* | 1 | | | - | - |
| An tOllamh Kalpana Shankar | 2* | | | - | - | - |
| Caitriona Sharkey | 2* | 1 | | | - | - |

* D'fhreastail sé/sí ar 2 chruinniú as 2 chruinniú fhéideartha tar éis thosú an téarma ar an mBord an 29ú Iúil 2021

D'fhreastail Teresa Harrington ar 4 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2021. Ní íocann an Leabharlann táillí do chomhaltaí Boird.

## Príomhathruithe Pearsanra

Tá sonraí faoi athruithe ar bhallraíocht an Bhoird le linn 2021 leagtha amach thuas faoi Struchtúr an Bhoird. Chuaigh Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach ar scor i mí Iúil 2021 agus d'éirigh an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe as oifig i mí Iúil 2021.

I mí Iúil 2021 cheap LNÉ an Leas-Stiúrthóir agus an Ceannasaí Forbartha mar Cheannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe. I Nollaig 2021 cheap LNÉ Ceannasaí nua na mBailiúchán Digiteach agus i mí Eanáir 2022 cheap LNÉ Ceannasaí Forbartha nua

## Nochtuithe a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon LNÉ ceanglais an Chóid chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), de réir mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.


Éilítear na nochtuithe a leanas leis an gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe - leagtha amach i Nóta 5(f) leis na ráitis airgeadais.
- Costais comhairleachta – leagtha amach i nóta 6(b) leis na ráitis airgeadais
- Costais dlí agus socraíochtaí – leagtha amach i nóta 6(b) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 6(a) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas ar fháilteachas - ní raibh caiteachas fáilteachais ar bith ag an Leabharlann in 2020 nó in 2021.


## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Glac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bh-feidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. D’oibrigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh aige in 2021.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**Katherine McSharry**
Stiúrthóir Gníomhach

Dáta: 4ú Lúnasa 2022



# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

## Raon Freagrachta

Thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha agus ní chun deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráiteas airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí an Bhoird agus comhalta seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2021.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de réir mar atá sainithe i gCairt an Bhoird maidir le hIniúchadh Inmheánach. Déantar obair na feidhme iniúchta inmheánaigh a threorú ag anailís ar an riosca ar a bhfuil an comhlacht neamchosanta, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Tá an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh údaraithe ag an ARC agus faofa ag an mBord. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord Seachfhoinsíodh an feidhm iniúchóireachta inmheánaigh chuig comhlacht sheachtrach.

D’fhorbair an ARC beartas bainistíochta riosca, ina leagtar amach inghlacthacht riosca LNÉ, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus faoi fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do bhaill foirne uile a nglactar leis go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chun an lucht bainistíochta a chur ar a airdeall maidir le rioscaí a thagann chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe ina réimse oibre féin.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí arna nglacadh ag an lucht bainistíochta chun tabhairt faoi na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, iad a mhaolú. Choinnigh Bord na Leabharlainne bainistíocht riosca mar mhír bhuan ar chlár oibre na gcruinnithe dá chuid. Rinne an Bord a bheartas bainistíochta riosca agus a ráiteas um inghlacthacht riosca don Leabharlann a athbhreithniú agus a nuashonrú le linn 2021.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leathbhliantúil agus déanann an Bord é a athbhreithniú uair sa bhliain. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Sa clár rioscaí sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú mar aon leis an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shainiúla. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, lena ngabhann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar rialú leordhóthanach ar mhaoiniú deontas chun go n-úsáidfear é chun na críche beartaithe

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí, ar bhonn tráthúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.



## Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha. Seachas na conarthaí sin atá nochta sa mhír 'Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh' thíos, chomhlíon an Leabharlann na nósanna imeachta dá cuid in 2021.

## Tionchar an phaindéim COVID-19 ar an dTimpeallacht Smachta

Mar gheall ar thús phaindéim COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta mar thoradh air sin, athraíodh cleachtais oibre LNÉ go mear agus go bunúsach agus d'éirigh cianobair ina gnáthrud do bhaill foirne LNÉ agus cuireadh seirbhísí LNÉ in oiriúint le soláthar ar líne d'úsáideoirí. Ar feadh phaindéim COVID-19, dúnadh agus osclaíodh LNÉ i gcomhréir le treoracha ón Rialtas, agus an t-am ar fad chuir LNÉ gach comhairle maidir le sláinte poiblí, treoir ón rialtas agus prótacail um shláinte agus sábháilteacht i bhfeidhm, agus thuairiscigh baill foirne agus úsáideoirí araon ardleibhéil muiníne i bprótacail shábháilteachta LNÉ.

Ar feadh 2021, lena LNÉ de mhonatóireacht ghrinn a dhéanamh ar fhorbairtí, d'fhonn an rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh cur isteach ar oibríochtaí gnó LNÉ, ar fhoireann agus ar pháirtithe leasmhara. Trí na bearta sin, a tionscnaíodh in 2020 agus a lean ar aghaidh ar feadh 2021, ligeadh dúinn leanúint dár bhfeidhmeanna a chur ar fáil a bheag nó a mhór agus caighdeáin arda rialaithe á gcoimeád ag an am céanna. Áirítear na nithe a leanas leis na bearta a rinneadh:

- Tosaíodh ar an Phlean Leanúnachais Gnó an LNÉ agus athraíodh oibríochtaí gnó an LNÉ chuig an gcianobair áit a bhféadfadh an mhéad is mó próisis gnó leanúint ar aghaidh mar is gnáth.
- Athraíodh an-chuid foirmeacha agus gnáthaimh ar pháipéar go foirm leictreonach.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí shuntasacha maidir leis an bpaindéim COVID-19 agus ar sholúbthacht an LNÉ le freagra éifeachtach a thabhairt ar na rioscaí sin.
- Ag cinntiú go leantar le tréan-dheighilt dualgas.
- Ag cinntiú go leantar le gach polasaí agus nós imeachta a bhí cheana i mbun cianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu siúd mar is gnáth.
- Ag déanamh uasdátú ar nósanna imeachta le (i) rochtain ar an oifig, (ii) agallaimh, agus (iii) iniúchtaí a dhéanamh, ar mhodh a bhí slán agus in oiriúint do shláinte an phobail áit a raibh a leithéid d'obair riachtanach lenár bhfeidhm a chuir i gcrích.
- Tacaíocht do chianobair trí sholáthar trealaimh, ardáin shocair TF agus ceangail agus tacaithe eile foirne le timpeallacht oibre shlán a chruthú go cianda.
- Cur i gcrích measúnú riosca COVID-19 ag foireann bainistíochta an LNÉ.
- Monatóireacht leanúnach an timpeallacht lasmuigh agus cloígh le comhairle Sláinte Phoiblí agus treoir agus rialachais ón rialtas.
- Tá Bord an LNÉ ag coinneáil súil ghéar ar rudaí, agus tugann foireann bainistíochta an LNÉ faisnéis dóibh go rialta agus ar bhonn leanúnach.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Leabharlanna Náisiúnta na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca . Déantar monatóireacht agus athbhreithniú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre) agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021 ar an 10ú Feabhra 2022.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh le linn 2021 seachas na cinn atá nochta thíos a bhaineann le caiteachas de €30,750:

- Dámhadh conradh amháin (2021 €30,750: 2020 €0) a bhaineann le caidreamh poiblí, le cumarsáid agus le seirbhísí margaíochta a sholáthar, faoi phróiseas iomaíoch, agus síneadh é i ndiaidh dáta dheireadh an chonartha. Tá iomaíocht soláthair le haghaidh an tseirbhís sin a sholáthar ar siúl agus táthar ag súil go mbeidh conradh nua i bhfeidhm i Ráithe 3, 2022.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**Katherine McSharry**
Stiúrthóir Gníomhach

Dáta: 4ú Lúnasa 2022

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2021 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

**Mary Henry**
**Ar son agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**09 Lúnasa 2022**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachta na gcomhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachas agus i dtuarascáil bhaill an Bhoird, tá baill an Bhoird freagrach as

- na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míshonruithe ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Cinnim ar an oiriúnacht d'úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cinnim má tá neamhchinnteacht ábharach ann maidir leis na heachtraí nó coinníollacha ar féidir leo amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Is féidir, áfach, nach leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr eachtraí nó coinníollacha sa todhchaí.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun a chur ar mo chumas iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar chúrsaí eile*

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 8,950,113 | 8,728,743 |
| Bronntanais (Ábhair agus Airgead Tirim) | 3 | 98,296 | 79,040 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha Pinsin | 7(c) | 1,066,000 | 1,197,000 |
| Ioncam Eile | 4 | 342,156 | 316,012 |
| **Ioncam iomlán** | | **10,456,565** | **10,320,795** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Íocaíocht | 5 | 7,150,557 | 6,517,440 |
| Riarachán agus Oibríochtaí | 6 | 1,319,748 | 1,289,089 |
| Cláir | 8 | 1,136,376 | 969,301 |
| Dímheas | 11 | 358,351 | 436,944 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **9,965,032** | **9,212,774** |
| Farasbarr Oibríochta Ghlan | | 491,533 | 1,108,021 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 10 | (772,228) | (540,568) |
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain** | | **(280,695)** | **567,453** |
| Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Eanáir | | 1,285,608 | 718,155 |
| **Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **1,004,913** | **1,285,608** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim agus nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

----------------- -----------------

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**Katherine McSharry**
Stiúrthóir Gníomhach

Date: 4ú Lúnasa 2022



# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **(Easnamh) / Barrachas don bhliain** | | **(280,695)** | **567,453** |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir | 7(b) | (1,382,000) | 313,000 |
| Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir | 7(b) | (2,059,000) | (2,823,000) |
| **Iomlán an chaillteanais achtúirigh sa bhliain** | | **(3,441,000)** | **(2,510,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir | | 3,441,000 | 2,510,000 |
| **(Caiteachas) /Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **(280,695)** | **567,453** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim agus nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann::

----------------- -----------------

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**Katherine McSharry**
Stiúrthóir Gníomhach

Date: 4ú Lúnasa 2022


# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

## Amhail an 31ú Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Glanshócmhainní Reatha** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 811,815 | 1,091,271 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 12 | 28,122,010 | 27,070,326 |
| | | **28,933,825** | **28,161,597** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 415,068 | 377,988 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,356,231 | 1,656,734 |
| **Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 14 | 766,386 | 749,114 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **1,004,913** | **1,285,608** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 7(b) | (52,910,000) | (48,403,000) |
| Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir | 7(b) | 52,910,000 | 48,403,000 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **29,938,738** | **29,447,205** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil: | | | |
| Sócmhainní Seasta Oidhreachta | 10 | 28,122,010 | 27,070,326 |
| Sócmhainní Seasta Oibriúcháin | 10 | 811,815 | 1,091,271 |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | 1,004,913 | 1,285,608 |
| | | **29,938,738** | **29,447,205** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim agus nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**Katherine McSharry**
Stiúrthóir Gníomhach

Date: 4ú Lúnasa 2022



# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim

## Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas (Caiteachais thar Ioncam) Ioncaim thar Chaiteachas | (280,695) | 567,453 |
| Ábhair arna mBronnadh | (98,275) | (21,000) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 358,351 | 436,944 |
| Méadú ar Mhéideanna Infhaighte | (37,080) | (15,295) |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 17,272 | 188,687 |
| Méadú ar an gCuntas Caipitil | 772,228 | 540,568 |
| **Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **731,801** | **1,697,357** |
| **Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (78,895) | (155,450) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Oidhreachta a cheannach | (953,409) | (801,062) |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(1,032,304)** | **(956,512)** |
| **(Laghdú) / Méadú Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | **(300,503)** | **740,845** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 1 Eanáir | 1,656,734 | 915,889 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 31 Nollaig** | **1,356,231** | **1,656,734** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir ar bhonn comhsheasmhach ar feadh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bun faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá a ceannoifig lonnaithe i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar a leagtar amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

> *"...chun ábhar na Leabharlainne Náisiúnta atá i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choimeád agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill an phobail teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."*

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### (b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ("An Leabharlann Náisiúnta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

### (c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa de réir mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar le bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta.

De réir mar atá leagtha amach i Nóta 15, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun cuidiú le forbairt na Leabharlainne Náisiúnta. Sna ráitis airgeadais seo ní dhéantar torthaí an Iontaobhais a chomhdhlúthú ar an mbonn nach n-éilítear é sin ag Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

### (d) Ioncam

#### Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam ó Dheontais an Oireachtais, Fotheideal B.7, an Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil, ar bhonn in-aisíoctha i gcomhréir leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa bhliain. Aithnítear gach ioncam eile ó Dheontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid thirim.



#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

#### Costais Dhíreacha

Costais dhíreacha a bhaineann le giniúint ioncaim eile trí ghníomhaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta, e.g. Araltas, léirítear iad mar ollmhéid i Nóta 4 - Ioncam Eile.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le foráil ar bith do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh ar fad ar rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolré ionchais, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Troscán agus Feistis | 10% sa bhliain |
| (ii) | Trealamh TF | 25% sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige agus Ginearálta | 20% sa bhliain |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa bhail lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnú luach na sócmhainne ann, aithnítear caillteanas um bearnú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta sa bhliain.

Déantar sócmhainní seasta na Leabharlainne Náisiúnta a mhaoiniú ó chomhcheangal de dheontais caipitil agus de leithdháiltí ó ioncam reatha. Déantar maoiniú arna fhoinsiú ó dheontais a aistriú chuig cuntas caipitil a dhéantar a amúchadh ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

### (f) Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide foráil maidir le fiacha amhrasacha, nuair is infheidhme. Is foráil ar leith í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Leabharlann Náisiúnta in ann na méideanna uile atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gluaiseachtaí uile in aon fhoráil maidir le fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim.

### (g) Sochair Fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Roimhe seo bhunaigh an Leabharlann Náisiúnta scéim pinsin le sochar sainithe ("an Phríomh-Scéim") dá cuid féin, atá maoinithe gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó chistí arna soláthar ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail bhaill na foirne. Oibríonn an Leabharlann Náisiúnta Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair"), atá ina scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léirítear le costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleadh ag fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne atá coimeádta ag an Leabharlann Náisiúnta. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léirítear sna ráitis airgeadais - ar luach cóir - na sócmhainní agus na dliteanais, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na Leabharlainne Náisiúnta agus as aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad lena linn. Tomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa.

## (h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin na Leabharlainne

Sainmhínítear Sócmhainn Oidhreachta mar shócmhainn inláimhsithe lena mbaineann cáilíochtaí stairiúla, ealaíne, eolaíochta, teicneolaíochta, geoifisiceacha nó comhshaoil agus atá á coinneáil agus á cothabháil go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus le cultúr.

### Aithint Tosaigh

Taifeadtar earraí ceannaithe ar chostas sna ráitis airgeadais. Taifeadtar earraí bronnta ar luacháil reatha arna socrú ag Coimeádaithe na Leabharlainne, agus tagairt á déanamh acu, nuair is féidir, do mhargaí tráchtála agus faisnéis úrnua faoi idirbhearta ó cheantanna á húsáid. Taifeadtar bronntanais, nuair a bhaineann an Leabharlann Náisiúnta leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, ar bhonn na luachála ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Aithnítear bronntanais mar ioncam agus déantar aistriú comhfhreagrach chuig cuntas caipitil na Sócmhainní Seasta Oidhreachta mar a leanas:

- Bronntanais nach bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, aithnítear san ioncam iad nuair a fhaightear na hacmhainní nó nuair a bhíonn siad infhaighte;
- Bronntanais a bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, ní aithnítear san ioncam iad ach tar éis na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh; agus
- Aithnítear dliteanas i gcás ina bhfaightear acmhainní sula gcomhlíontar na critéir aitheanta ioncaim.

### Luacháil

Ní cheapann an Bord gur féidir faisnéis iontaofa maidir le costas nó luacháil a fháil maidir le hearraí uile atá coimeádta i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Is í an chúis leis sin ná nádúr éagsúil na n-ábhar atá coimeádta, líon na n-earraí sna bailiúcháin agus easpa luachanna margaidh inchomparáide. Dá bhrí sin ní aithníonn an Leabharlann Náisiúnta na bailiúcháin uile dá cuid mar shócmhainní sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais seachas sealbhuithe a raibh costas nó luach €5,000 nó níos mó acu agus a fuarthas nó a bronnadh ó bhunú an Bhoird i mBealtaine 2005. Déantar iad a rangú mar Shócmhainní Oidhreachta ag dáta an taifeadta.

Aithnítear sócmhainní oidhreachta ar dtús ar chostas an tsealbhaithe mar an luach a chuirtear i leith earraí bronnta. Déantar na earraí a iompar ar chostas sa ráiteas faoin staid airgeadais le laghduithe do bhearnú nuair is ábhartha.



Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne Náisiúnta don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas €5,000 nó níos mó air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

Caipitlítear Cartlannú Gréasáin agus Digitiú ar a gcostas. Caipitlítear na costais sin freisin i gcás ina mbaineann catalógú agus meiteashonraí go díreach le tionscadail Chartlannaithe Gréasáin agus Digitithe.

### Bearnú

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a dhímheas. Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne oidhreachta ann, aithnítear caillteanas um bearnú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim sa bhliain. D'fhéadfadh bearnú bheith i gceist le sócmhainn oidhreachta, mar shampla, nuair a rinneadh meathlúchán fisiceach uirthi nó nuair a briseadh í, nó nuair a thagann amhras chun cinn faoina barántúlacht.

### Costais Chaomhantais

Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear é a aithnítear caiteachas caomhnaithe a theastaíonn chun míreanna aonair a chaomhnú nó chun meath míreanna aonair a chosc.

## (i) Breithiúnais Thábhachtacha Chuntasaíochta agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Teastaíonn ó ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanann an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana lena dtéitear i gcion ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais amhail dáta an tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus do chaiteachas le linn na bliana. Mar gheall ar nádúr an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais a leanas ar mhéideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Sócmhainní Oidhreachta a Bronnadh

Déantar luachanna na n-earraí bailiúcháin a bronnadh ar an leabharlann Náisiúnta a shocrú trí theicnící luachála a úsáid. Baineann an Leabharlann Náisiúnta úsáid as a breithiúnas féin chun éagsúlacht de mhodhanna a roghnú de réir mar atá achoimrithe sa bheartas cuntasaíochta maidir le Sócmhainní Oidhreachta (h) thuas.

### Maoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú

Déantar sócmhainní atá faoi réir ag amúchadh a athbhreithniú maidir le bearnú nuair a léirítear le teagmhais nó le hathruithe ar imthosca gur féidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas um bearnú don mhéid faoina ndéantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a shárú ag a suim ghlanluach. Is é an méid in-aisghabhála luach cóir na sócmhainne lúide an costas chun í a dhíol nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun críocha bearnú a mheasúnú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid thirim ann atá in-aitheanta go leithleach (aonaid giniúna airgid thirim). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamh-airgeadais dá ndearnadh bearnú maidir le aisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bhord athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus chinn siad gur cuí na saolréanna sócmhainne agus na luachanna iarmharacha.

**Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir**

Maidir leis na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear sa rannán "Sochair Fostaithe" thuas:

- Shainaithin an Bord sócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamhchistithe do shochair scoir atá iníoctha faoin bPríomhscéim agus faoin Scéim Aonair agus shainaithin sé maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir arna sainaithint sa bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2021. I mbreithiúnas an Bhoird leanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán nó na heintitis chomharba de na hoibleagáidí pinsin neamhchistithe sin a íoc.
- Íoctar ranníocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Maidir le baill na Scéime Aonair, déantar foráil in alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 maidir le maoiniú íocaíochtaí pinsin de réir mar atá siad dlite trí bhíthin íocaíochtaí ón gCiste Lárnach nó ó Chistí arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Is scéim le sochar sainithe é an scéim aonair agus tá sí san áireamh le nochtuithe 2021 FRS 102.

**Oibleagáid Sochar Scoir**

Na boinn tuisceana atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh agus rátaí mortlaíochta sa todhchaí), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoi.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh shaothair sa todhchaí.

## 2. Deontais an Oireachtais

Deontais an Oireachtais a vótáiltear chuig an Leabharlann Náisiúnta ó Vóta 33 na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ("an Roinn") mar a léirítear sna ráitis airgeadais, tá na nithe seo a leanas i gceist iontu:

| | Fotheideal | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha | B.11 | 7,695,000 | 7,287,000 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal | B.11 | 478,000 | 478,000 |
| Bonneagar Cultúrtha agus Forbairt Chultúrtha - Caipiteal | B.7 | 738,891 | 963,743 |
| Deich mBliana de Chuimhneacháin Chéad Bliain 1912-1922 - Reatha | B.15 | 38,222 | - |
| | | **8,950,113** | **8,728,743** |

Is iad na deontais faoi Fho-cheannteideal B.11 deontais bhliantúla na Leabharlainne Náisiúnta chun críocha oibriúcháin, lena n-áirítear pá, pinsin, caiteachas riaracháin agus cláir, bailiúcháin agus mionfheabhsúcháin chaipitil.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - Tá deontas B.11 reatha €7,695,000 (2020: €7,287,000) luaite glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir d'fhostaithe, eadhon líon iomlán de €210,000 (2020: 150,000), €125,000 (2020: €105,000) a íocadh leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le haghaidh scéim sochair scoir d'fhostaithe na Leabharlainne Náisiúnta agus €85,000 (2020: €45,000) a íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don scéim aonair sochair scoir seirbhíse.



**Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis na deontais ón gCiste Bonneagair Chultúrtha agus Forbartha Cultúrtha (Fo-cheannteideal B.7):**

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Cartlann Edna O'Brien (tréimhse 2009-2021) | 450,000 | - |
| Sealbhuithe Chaisleán Bhinn Éadair | 39,287 | - |
| An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil | 107,295 | 160,446 |
| Ciste um Dhigitiú | 142,309 | 244,297 |
| Páipéir an tSáirséalaigh | - | 180,000 |
| Páipéir Liam O'Flaherty | - | 320,000 |
| Cúrsaí Bainteacha le COVID-19 | - | 59,000 |
| | **738,891** | **963,743** |

Athíoctar gach íocaíocht deontais a thugtar faoi Fho-cheannteidil B.7 i riaráistí bunaithe ar chruthú sonrasca, conarthaí agus fianaise íocaíochta.

Aithníodh ioncam €107,295 (2020: €160,446) maidir leis an ionchur a tugadh d'fhorbairt an Sciatháin Iartharaigh a bheidh mar chuid dár n-oibreacha leanúnacha le Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhí méid €14,501 (2020: €20,177) fós le híoc ag deireadh na bliana agus áirítear é in Ioncam Fabhraithe i Nóta 13.

Tacaíonn deontas faoin gCiste um Dhigitiú leis an Leabharlann Náisiúnta lena bailiúcháin a dhigitiú chun rochtain ar líne a éascú agus tacú leis.

## 3. Deontais

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Ábhair arna mBronnadh | 98,275 | 21,000 |
| Deontais - Airgead Tirim | 21 | 58,040 |
| | **98,296** | **79,040** |

Déantar bronntanais earraí na mbailiúchán a chaipitliú má dhéantar iad a luacháil ag €5,000 nó níos mó i gcomhréir le Beartas na mBailiúchán. Le linn 2021, rinneadh ceithre bhronntanas ar Bhailiúcháin Speisialta na leabharlainne Náisiúnta de luach €5,000 nó níos mó agus déantar iad sin a shonrú i Nóta 8 (a).

Ní dhearnadh bronntanais ar bith faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna leasú ag an Acht Airgeadais 2002) le linn 2021.

## 4. Ioncam Eile

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cóipeála | 32,174 | 20,773 |
| Dleachtanna agus Seirbhísí Macasamhlaithe | 10,074 | 4,056 |
| Ioncam Araltais | 66,110 | 33,240 |
| Costais Dhíreacha a bhain le hAraltas | (47,912) | (22,365) |
| Ioncam Ginealais | 5,100 | 4,500 |
| Research Data Alliance – Deontas Eorpach | (1,704) | - |
| Café Joly | - | 5,140 |
| Deontas na Comhairle Oidhreachta | 11,145 | 2,300 |
| Deontas ó Chomhairle Taighde na hÉireann | 18,500 | 16,000 |
| Ioncam Miondíola ó Thaispeántas Heaney | 8,842 | 7,407 |
| Costais Mhiondíola ó Thaispeántas Heaney | (4,307) | (5,622) |
| Urraíocht | 244,000 | 250,000 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 134 | 583 |
| | **342,156** | **316,012** |

Aithníodh ioncam de €244,000 (2020: €250,000) maidir le hurraíocht a chuir Banc na hÉireann ar fáil. Léirítear leis sin ranníocaíocht an Bhainc le haghaidh oibriú Thaispeántas Heaney na Leabharlainne Náisiúnta 'Listen Now Again'. Tá an Taispeántas lonnaithe i Lárionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann sna háitribh dá chuid ag Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2. Bhí méid €244,000 (2020: €250,000) fós le híoc ag deireadh na bliana agus áirítear é faoi Fhéichiúnaithe i Nóta 13.

## 5. Íocaíocht

### (a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne | 5,001,404 | 4,466,547 |
| Sochair Foirceanta | - | - |
| Costais sochar scoir | 1,721,000 | 1,686,000 |
| ÁSPC Fostóra | 428,153 | 364,893 |
| **Sochair Chomhiomlána Fostaithe** | **7,150,557** | **6,517,440** |

Ba é líon iomlán na ndaoine fostaithe (Coibhéisí Lánaimseartha nó CLAanna) ag deireadh na bliana ná 113 (2020: 101).



### (b) Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Bunphá | 4,901,318 | 4,374,373 |
| Ragobair | 116 | 4,149 |
| Liúntais | 99,970 | 88,025 |
| | **5,001,404** | **4,466,547** |

Ba í Ranníocaíocht Breise Aoisliúntais (ASC) na foirne le haghaidh 2021 €125,380 (2020: €105,210.

### (c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh sochair foirceanta in 2021 (2020: €náid).

### (d) Príomhphearsanra bainistíochta

Tá an Príomhphearsanra Bainistíochta laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann comhdhéanta de Chomhaltaí an Bhoird agus den Fhoireann Cheannaireachta. Áirítear leis an bhFoireann Cheannaireachta an Stiúrthóir, an Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na Forbartha; Ceannasaí Acmhainní Daonna; Ceannasaí na mBailiúchán Foilsithe; Ceannasaí na nEastát; Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-aralt na hÉireann; Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe; Ceannasaí an Airgeadais agus an Príomhoifigeach Riosca; agus Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach. Ní íocann an Leabharlann táillí do chomhaltaí Boird. Tá luach iomlán na sochair fostaithe maidir leis an bpríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 740,479 | 686,234 |
| Liúntais | 15,307 | 14,247 |
| | **755,786** | **700,481** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Áirítear leis an bpacáiste luacha saothair do phríomhphearsanra bainistíochta gnáth-socruithe pinsin na hearnála poiblí agus níl teidlíochtaí sa bhreis acu thar théarmaí scéim phinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

### (e) Luach Saothair an Stiúrthóra

Mar seo a leanas a bhí pacáiste íocaíochta an Stiúrthóra don tréimhse airgeadais seo:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| An Stiúrthóir, gan ÁSPC fostóra san áireamh (a ceapadh i mí Lúnasa 2015) | 124,778 | 120,981 |
| | **124,778** | **120,981** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Áirítear leis an bpacáiste luacha saothair gnáth-socruithe pinsin na hearnála poiblí agus níl teidlíochtaí sa bhreis ag an Stiúrthóir thar théarmaí scéim phinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí. Níl bónais ar bith nó sochair chomhchineáil infheidhme maidir leis an bpost seo.

### (f) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú mar a leanas:

| Raon na sochar fostaithe iomlán | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|
| Ó – Go dtí | 2021 | 2020 |
| €60,000 – €69,999 | 13 | 10 |
| €70,000 – €79,999 | 9 | 7 |
| €80,000 – €89,999 | 4 | 2 |
| €90,000 – €99,999 | 0 | 1 |
| €100,000 – €109,999 | 1 | 0 |
| €110,000 – €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 – €129,999 | 1 | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

## 6. Administration and Operations

| | Nóta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Taistil agus Cothaithe | 6(a) | 7,422 | 3,511 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | | 62,444 | 60,017 |
| Caiteachas ar Bheartas Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta | | 20,557 | - |
| Leictreachas, Glantachán agus Fóntais | | 281,074 | 269,726 |
| Cumarsáid agus TF | | 332,165 | 358,636 |
| Slándáil | | 189,758 | 185,280 |
| Costais Chomhairleachta | 6(b) | 200,898 | 54,118 |
| Costais Ilghnéitheacha Oibriúcháin | | 24,886 | 29,607 |
| Costais Stórála | | 83,653 | 29,729 |
| Costais Oifige | | 29,040 | 53,285 |
| Deisithe agus Coinneáil Caoi | | 34,583 | 118,819 |
| Caillteanais de bharr an Ráta Malairte Eachtraí | | 13,838 | 2,868 |
| Ús Prasíocaíochta | | 2,451 | 2,124 |
| Costais Seirbhíse Seachfhoinsithe | | 18,214 | 15,531 |
| Speansais Research Data Alliance | | - | 14,872 |
| Caiteachas Bainteach le COVID-19 | | 18,765 | 90,966 |
| | | **1,319,748** | **1,289,089** |



### (a) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

| | | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Intíre | Comhaltaí Boird | - | 588 |
| | Foireann | 1,787 | 2,730 |
| Idirnáisiúnta | Comhaltaí Boird | - | - |
| | Foireann | 5,635 | 193 |
| | | **7,422** | **3,511** |

### (b) Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoireacht | 43,203 | 3,888 |
| Airgeadas | 103,535 | - |
| Iniúchóireacht | 44,272 | 35,648 |
| Iniúchadh | 23,000 | 23,000 |
| Seachtrach | 21,272 | 12,648 |
| Dlíthiúil (lena n-áirítear forálacha) | 5,588 | 12,697 |
| Aistriú | 4,300 | 1,885 |
| | **200,898** | **54,118** |

Níor tabhaíodh aon chostais dhlíthiúla, socraíochtaí nó costais idir-réitigh agus eadrána sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## 7. Costais Sochar Scoir

### (a) Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caite-achais agus Cúlchistí Coimeádta

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Ollchostas Seirbhíse Reatha | 1,603,000 | 1,424,000 |
| Costas Úis | 432,000 | 532,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (314,000) | ( 270,000) |
| | **1,721,000** | **1,686,000** |

## (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir sa bhliain airgeadais

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid Sochair Shainithe Tosaigh | 48,403,000 | 44,696,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,603,000 | 1,424,000 |
| Costas Úis | 432,000 | 532,000 |
| Caillteanas Achtúireach – Boinn Tuisceana Airgeadais | 2,059,000 | 2,823,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach – Ó Thaithí | 1,382,000 | (313,000) |
| Sochair a íocadh | (969,000) | (759,000) |
| **Oibleagáid Sochair Shainithe Deiridh** | **52,910,000** | **48,403,000** |

## (c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainní atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn thacar na mbonn tuisceana ar a bhfuil cur síos thuas agus ar roinnt teagmhas san am atá caite. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil le haghaidh an scéim sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoinithe sin dá leithéidí de shuimeanna a íoc i gcomhréir le cleachtas reatha.

Is mar a leanas a aithníodh an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha | 2,035,000 | 1,956,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (969,000) | ( 759,000) |
| | **1,066,000** | **1,197,000** |

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2021 agus €52.9m (2020: €48.4m).

## (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 52,910 | 48,403 | 44,696 | 39,242 | 43,590 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime Sochair Shainithe | (1,382) | 313 | 675 | 1,577 | (682) |
| Céatadán Dhliteanais an Phlean | (2.6%) | 0.6% | 1.5% | 4.0% | (1.6%) |



## (e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

Is socrú pinsin tuarastail dheireanaigh le sochair shainithe scéim sochair scoir na Leabharlainne lena mbaineann sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do rialacháin scéime "eiseamláirí" reatha na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéime pinsean (is é sin 1/80 in aghaidh gach bliana de sheirbhís), aisce nó cnapshuim (is é sin 3/80 in aghaidh gach bliana de sheirbhís) mar aon le pinsin céilí agus leanaí. Is ionann gnáth-aois scoir agus 65ú breithlá an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. De ghnáth méadaítear pinsin atá á n-íoc (agus pinsin iarchurtha) ar aon dul le boilsciú ginearálta thuarastail na hearnála poiblí.

Oibríonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhís Poiblí (an Scéim Aonair) freisin agus is scéim pinsin le sochair shainithe é do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déantar foráil sa scéim do phinsean agus do chnapshuim bunaithe ar luach saothair inphinsin mheán na gairmré mar aon le pinsin do chéilí agus leanaí. Is í an aois íosta don phinsean 66 bliana d'aois (a ardaíonn ar aon dul le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit). Áirítear leis áis luathscoir arna laghdú go hachtúireach ó aois 55 bliana. Méadaítear pinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil arna húsáid le haghaidh nochtuithe FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe i mBealtaine 2022, agus ceanglais FRS á dtabhairt san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú amhail an 31ú Nollaig 2021.

**Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar a leanas:**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Boilsciú | 2.00% | 1.50% |
| Ráta an mhéadaithe fhadtéarmaigh ghinearálta i dtuarastail | 3.00% | 2.50% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair stáit | 2.00% | 1.50% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair iarchurtha | 2.00% | 1.50% |
| Méaduithe pinsin | 2.00% | 1.50% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 1.20% | 0.90% |

### Mortlaíocht

Leis an mbonn mortlaíochta féadfar feabhsúcháin a dhéanamh go sainráite ar an ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain ina mbaineann an ball aois scoir amach. Leis an tábla thíos taispeántar an t-ionchas saoil do bhaill a bhainfidh 65 bliana d'aois amach in 2022 agus in 2041.

| Bliain bainte amach 65 | 2021 | 2041 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fear | 87.2 | 88.6 |
| Ionchas saoil - bean | 89.8 | 91.3 |

## 8. Cláir

| | Nóta | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta** | | | |
| Éadálacha Bailiúchán Speisialta | 8(a) | 164,482 | 167,214 |
| Tionscadal Catalógaithe | | 129,479 | 96,794 |
| Caomhnú | | 49,644 | 53,097 |
| | | **343,605** | **317,105** |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe** | | | |
| Éadálacha Bailiúchán Foilsithe | 8(a) | 182,892 | 120,773 |
| Próiseáil agus Cumhdach | | 3,624 | 2,584 |
| Seirbhísí do Léitheoirí | | 1,382 | 12,043 |
| | | **187,898** | **135,400** |
| **Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú** | | | |
| Taispeántas Heaney – 'Listen Now Again' | | 68,786 | 48,425 |
| Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | | 56,922 | 22,834 |
| Taispeántais eile | | 24,267 | 15,677 |
| An Chéad Chogadh Domhanda agus Éire: an t-Eispéireas Éireannach a Phlé | | 636 | 369 |
| Taispeántas faoi William Butler Yeats | | - | 1,219 |
| | | **150,611** | **88,524** |
| **Ginealas agus Araltas** | | | |
| Seirbhís Taighde Ginealais | | 793 | 631 |
| | | **793** | **631** |
| **Bailiúcháin Dhigiteacha** | | | |
| Ciste um Dhigitiú | | 54,320 | 9,146 |
| Bailiúcháin Dhigitghinte | | 21,911 | - |
| Trealamh Leabharlainne agus Cothabháil | | 10,042 | 11,048 |
| | | **86,273** | **20,194** |
| **Oifig Forbartha** | | | |
| Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus Cur Chun Cinn | | 260,101 | 247,001 |
| | | **260,101** | **247,001** |
| **Tionscadal Tógála um Fhorbairt Caipitil** | | | |
| Speansais Inaisíoctha maidir leis an Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil | | 107,095 | 160,446 |
| | | 107,095 | 160,446 |
| | | **1,136,376** | **969,301** |

### (a) Sealbhuithe

| | Nóta | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Seanleabhair agus Leabhair Neamhchoitianta | | 70,643 |
| ♦ Lámhscríbhinní | | 70,279 |
| ♦ Grianghraif | | 15,356 |
| ♦ Earraí Inbhailithe | | 6,783 |
| ♦ Priontaí agus Líníochtaí | | 1,071 |
| ♦ Bailiúcháin Ceoil | | 350 |
| | | **164,482** |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Foilsithe a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Leabhair | | 98,161 |
| ♦ Suibscríbhinní ar Líne | | 60,979 |
| ♦ Nuachtáin | | 17,655 |
| ♦ Tréimhseacháin | | 5,911 |
| ♦ Foilseacháin Oifigiúla | | 186 |
| | | **182,892** |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil - *Lámhscríbhinní*** | | |
| ♦ Cartlann Edna O'Brien (tréimhse 2009-2021) | | 510,750 |
| ♦ Cartlann Austin Clarke | | 225,000 |
| ♦ Leabhar litreacha lámhscríbhinne eastát Egmont, 1737-41 | | 46,593 |
| ♦ Bailiúchán Chaisleán Bhinn Éadair - Aitheasc maisithe don Iarla Bhinn Éadair, 1874 | | 15,000 |
| ♦ Bailiúchán Chaisleán Bhinn Éadair - Litreacha paitinne lenar mbronnadh an teideal Iarla Bhinn Éadair, 1767 | | 12,500 |
| ♦ Páipéir Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann (Frank Aiken agus Moss Twomey), 1924 - 1925 agus 1929 - 1931 | | 10,768 |
| ♦ Páipéir Gerald O'Connor, Ceannfort Briogáide, an 2ú Rannán Iartharach, Óglaigh na hÉireann, 1922 | | 8,650 |
| ♦ W.B. Yeats - a chuid litreach chuig Ethel Veasey , 1883-1885 | | 7,955 |
| ♦ Comhfhreagras an ársaitheora, Margaret Stokes, 1892-96 | | 5,750 |
| ♦ Cartlann John Wyse Jackson | | 5,386 |
| ♦ Litir ó Jack B. Yeats chuig a chol ceathrar Edwin Butler Yeats | | 1,166 |
| | 12(f) | **849,518** |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil - Físeach** | | |
| ♦ Urbis Felicitas: bailiúchán de phriontaí ó eagrán teoranta lena ndéantar Cearnóg Mhuinseo a cheiliúradh | | 7,900 |
| ♦ Grianghraif ó 'The Quiet Man' | | 5,400 |
| | 12(f) | **13,300** |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil - *Priontáilte*** | | |
| ♦ Richard FitzRalph - Summa in questionibus Armenorum | | 10,565 |
| | 12(f) | **10,565** |
| **Bailiúcháin Speisialta a fuarthas trí bhronnadh** | | |
| ♦ Bailiúchán grianghraf Liam Bluett | | 55,000 |
| ♦ Bailiúchán grianghraf John Eagle | | 20,000 |
| ♦ Páipéir (Bhreise) Chartlann Bhantracht na Tuaithe | | 15,000 |
| ♦ Comhfhreagras mhuintir Cullen 1804-1905 | | 8,275 |
| | 12(f) | **98,275** |
| **Sealbhaithe Bailiúchán Digiteach a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ♦ Cartlannú Gréasáin | | 80,026 |
| | 12(f) | **80,026** |
| **Iomlán na Sealbhuithe** | | **1,399,058** |

De réir mar atá achoimrithe i Nóta 1(h) tá sócmhainní oidhreachta a ceannaíodh/a bronnadh ó bhunú an Bhoird in 2005 san áireamh leis an Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Ní raibh na bailiúcháin a bhí ann nuair a bunaíodh an Leabharlann Náisiúnta dílsithe sa Bhord - bhí siad fós dílsithe sa Stát. Is í tuairim an Bhoird nach bhfuil sé praiticiúil chun na bailiúcháin sin a luacháil nó a gcostas bunaidh a shocrú agus, in aon chás, nach soláthrófaí faisnéis atá ábhartha nó úsáideach chun a maoirseacht ar na bailiúcháin a mheasúnú.

Tá an chuid is mó de na h-earraí a fhaightear do na bailiúcháin ar luach íseal, amhail leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin. Faightear ábhair a fhoilsítear in Éirinn trí thaisce dhlíthiúil i gcomhréir le forálacha Alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú). Faightear ábhair a fhoilsítear áit eile trí cheannachán nó trí bhronntanas i gcomhréir le Beartas Forbartha Bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Áirítear leis sin ábhair a fhoilsítear i dTuaisceart Éireann mar aon le hábhair a fhoilsítear thar lear de leas Éireannach i gcomhréir le ceanglais Alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir 1997.

Taispeántar bailiúcháin le linn 2021 sa tábla thuas, agus idirdhealú á dhéanamh idir caiteachas arna chur de mhuirear ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim maidir le hearraí arna luacháil ina n-aonar ar luach níos lú ná €5,000 - atá taispeánta de réir an chineáil - agus caiteachas ar earraí caipitlithe nó tionscadail dhigitithe arna luacháil ag €5,000 nó níos mó - atá miondealaithe.

## 9. Gealltanais

Ní raibh gealltanais chonarthacha ar bith i bhfeidhm amhail an 31ú Nollaig 2021(2020: dada).

## 10. Cuntas Caipitil

### (a) Sócmhainní Oidhreachta

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ag an 1 Eanáir | 27,070,326 | 25,420,237 |
| Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas | 953,409 | 801,062 |
| Sócmhainní Oidhreachta a deonaíodh | 98,275 | 21,000 |
| Traschur Acmhainn Oidhreachta ó Réadmhaoin, Planda agus Trealamh | - | 828,027 |
| **Amhail an 31 Nollaig (Nóta 12 (f))** | **28,122,010** | **27,070,326** |

### (b) Sócmhainní Seasta Oibriúcháin

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ag an 1 Eanáir | 1,091,271 | 2,200,792 |
| Chun ceannach Sócmhainní Seasta a mhaoiniú | 78,895 | 155,450 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (358,351) | (436,944) |
| Traschur go Acmhainní Oidhreachta | - | (828,027) |
| **Amhail an 31 Nollaig (Nóta 11)** | **811,815** | **1,091,271** |



## 11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF | Trealamh | Troscán & Feistis | Taispeántais atá Ar Siúl nó atá á gcur le chéile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 2,051,421 | 1,532,136 | 1,201,107 | 1,496,015 | **6,280,679** |
| Breiseanna | 20,685 | 28,992 | 29,218 | - | **78,895** |
| Diúscairtí | (1,114,362) | (317,965) | (319,523) | - | **(1,751,850)** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **957,744** | **1,243,163** | **910,802** | **1,496,015** | **4,607,724** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 2,007,460 | 1,399,444 | 1,102,498 | 680,006 | **5,189,408** |
| Diúscairtí | (1,114,362) | (317,965) | (319,523) | - | **(1,751,850)** |
| Muirear don bhliain | 21,567 | 36,799 | 27,982 | 272,003 | **358,351** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **914,665** | **1,118,278** | **810,957** | **952,009** | **3,795,909** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 43,961 | 132,692 | 98,609 | 816,009 | **1,091,271** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | (882) | (7,807) | 1,236 | (272, 003) | **(279,456)** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **43,079** | **124,885** | **99,845** | **544,006** | **811,815** |

### (a) Taispeántais atá ar siúl nó atá á gcur le chéile

Baineann iarmhéid na dtaispeántas atá ar siúl nó atá á gcur le chéile amhail an 31ú Nollaig 2021 le taispeántas Seamus Heaney a seoladh an 4ú Iúil 2018. Seo tionscadal comhoibritheach idir LNÉ, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Banc na hÉireann. Tá an taispeántas lonnaithe i lárionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste agus beidh sé ar siúl go dtí Nollaig 2023. Tá thar ag súil go mbeidh luach de réir na leabhar na n-earraí sin comhionann le €náid ag deireadh an taispeántais. Tá saolré theoranta ag an taispeántas agus déantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta nó thar shaolré úsáideach an taispeántais, cibé acu an ceann is giorra.

Trí leanúint den taispeántas a nochtadh sa chatagóir dá sócmhainní reatha fágtar beartas sócmhainní seasta LNÉ i leataobh, rud lena n-éilítear go n-aistrítear sócmhainní taispeántais chuig an gcatagóir cheart sócmhainní nuair a chuirtear in úsáid iad.

## 12. Sócmhainní Oidhreachta

### (a) Faisnéis Ghinearálta

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is leis an Stát bailiúcháin uile na leabharlainne agus is faoi bhainistíocht Bhord na Leabharlainne atá siad.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne Náisiúnta an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal; taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun; agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill den phobal teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- Tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun bailiúchán na Leabharlainne a mhéadú.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair a thabhairt ar iasacht faoi réir fhorálacha Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na Leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas os cionn €5,000 air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

### (b) Cineál agus Scála an Bhailiúcháin

Is ionann stoic irisí na Leabharlainne Náisiúnta agus an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach Éireannach ar domhan. Chomh maith leis sin, tá léiriú ríthábhachtach ar stair agus oidhreacht na hÉireann le fáil ann.

Léirítear i struchtúr bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta na trí shnáithe leathana den fhócas bailithe. Is é Coimeádaí nó Ceann Rannóige atá freagrach as gach ceann díobh, mar a leanas:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha.

#### Bailiúcháin Speisialta

Cuimsítear le Bailiúcháin Speisialta ábhar neamhchoitianta agus uathúil amhail lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, earraí inbhailithe, leabhair neamhchoitianta agus seanleabhair, léarscáileanna lámhscríbhinne agus ceol. Áirítear leo na milliúin d'earraí agus, mar shampla, níos mó ná 4.5 milliún earra sna bailiúcháin de ghrianghraif agus níos mó ná aon mhilliún earra sa bhailiúchán de lámhscríbhinní.

#### Bailiúcháin Fhoilsithe

Cuimsítear le Bailiúcháin Fhoilsithe leabhair nua-aimseartha agus nua, nuachtáin agus tréimhseacháin. Ceann de na príomhbhailiúcháin atá sna Bailiúcháin Fhoilsithe is ea Bailiúchán na Taisce Dlíthiúla ina bhfuil gach ábhar – leabhair, nuachtáin agus irisí a foilsíodh in Éirinn – a fuarthas faoi fhorálacha um Thaisce Dhlíthiúil den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (arna leasú).



#### Bailiúcháin Dhigiteacha

Cuimsítear i mBailiúcháin Dhigiteacha míreanna digiteacha a chruthaigh an Leabharlann Náisiúnta mar thoradh ar dhigitiú an ábhair ó Bhailiúcháin Speisialta agus ó Bhailiúcháin Fhoilsithe (sócmhainní nua) agus ar dhigitiú na míreanna ar a dtugtar "Digitghinte" ar nós suíomhanna Gréasáin nach raibh ar fáil riamh ach i bhformáid dhigiteach.

### (c) Éadáil

Tá de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a mhéadú agus sealbhaítear ábhar ar thrí bhealach: taisce dhlíthiúil, bronnadh agus ceannach.

#### Taisce Dhlíthiúil

Is é atá i dtaisce dhlíthiúil foráil reachtúil lena gcuirtear oibleagáid ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a chur i dtaisce i leabharlanna áirithe, agus is iondúil a chuirtear i dtaisce iad sa tír ina bhfoilsítear iad. I bPoblacht na hÉireann, is san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (arna leasú) a leagtar amach an fhoráil reachtúil le haghaidh taisce dhlíthiúil.

#### Bronntanais

Gach bliain faigheann an Leabharlann Náisiúnta bronntanais thábhachtacha chuig na bailiúcháin. Cuirtear bronntanais faoi mheasúnú ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas Forbartha Bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta.

I gcásanna áirithe - de réir mar a dhéantar foráil dóibh faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 - féadfar faoiseamh cánach a cheadú do bhronntóirí maidir le bronnadh earraí oidhreachta ar an Leabharlann Náisiúnta. D'fhéadfadh an faoiseamh sin a bheith infheidhme maidir le bronntanais nó "earraí oidhreachta" amhail cartlanna, leabhair, taifid eastáit, lámhscríbhinní agus priontaí nuair is ionann luach iomlán na n-earraí a bhronntar agus níos mó ná €150,000.

#### Ceannacháin

Baintear úsáid as buiséad sealbhuithe na leabharlainne Náisiúnta chun Bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta a fhorbairt a thuilleadh, cé acu trí cheannach díreach nó trí cheant. Déantar cinntí chun ábhar ársa agus earraí oidhreachta uathúla a cheannach i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas Forbartha Bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Ceannaítear foilseacháin reatha agus nua de leas Éireannach, nach bhfaightear faoi thaisce dhlíthiúil, mar ghnáthrud.

### (d) Cosaint agus Caomhnú

Oibríonn an Roinn Caomhnaithe chun bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú. De ghnáth, ní fheabhsaíonn bearta cosanta bail earra, ach moillíonn siad díghrádú agus coisceann siad damáiste trí bhearta éighníomhacha Os a choinne sin, is é aidhm an chaomhnaithe saolré agus inrochtaineacht bailiúchán a shíneadh trí chóireálacha idirghabhálacha, lena bhfeabhsaítear bail fhisiceach, cheimiceach agus go minic amhairc earra.

Chomh maith le cóireáil chaomhnaithe earraí neamhchoitianta agus uathúla, oibríonn an caomhnóir ar raon éagsúil beart chun an riosca de dhamáiste do na bailiúcháin a laghdú. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin an fhoireann a thacú agus a oiliúint maidir le gach gné de chúram agus de bhainistíocht bailiúchán lena n-áirítear láimhseáil, bail a mheasúnú, suirbhéireacht, athlonnú agus cur i mbosca de réir céime. Ullmhaíonn caomhnóirí earraí le haghaidh taispeána, digitithe agus iasachtado thaispeántas freisin.

### (e) Diúscairt

Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. De ghnáth ní dhéanann an Leabharlann Náisiúnta ábhar ó na bailiúcháin a dhiúscairt.

### (f) Anailís ar Shealbhuithe

De réir mar atá choimrithe sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, (h)), aithníonn an Leabharlann Náisiúnta Sócmhainní Oidhreachta uile (lena mbaineann luach aonair de níos mó ná €5,000) a ceannaíodh nó a fuarthas ó 2005. Déantar a leithéidí de shócmhainní a iompar ar chostas le coigeartú maidir le bearnú nuair is gá.
Tá na hidirbhearta maidir le 2021 agus maidir leis na ceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe sin leagtha amach thíos.

| | Lámhscríbhinní | Digiteach | Físeach | Priontáilte | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas nó Luacháil:** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 19,195,512 | 3,221,209 | 2,929,864 | 1,723,741 | **27,070,326** |
| Ceannacháin | 849,518 | 80,026 | 13,300 | 10,565 | **953,409** |
| Ábhar Bronntanais | 23,275 | - | 75,000 | - | **98,275** |
| **Ag an 31 Nollaig** | **20,068,305** | **3,301,235** | **3,018,164** | **1,734,306** | **28,122,010** |

### (g) Achoimre Airgeadais Chúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainní Oidhreachta

| | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Breiseanna** | | *Athshonraithe | *Athshonraithe | *Athshonraithe | *Athshonraithe |
| Lámhscríbhinní | 872,793 | 696,949 | 1,156,576 | 2,505,129 | 4,902,305 |
| Digiteach | 80,026 | 94,631 | 91,484 | 120,407 | 74,574 |
| Físeach | 88,300 | - | - | - | 63,102 |
| Priontáilte | 10,565 | 30,482 | 6,086 | - | 439,334 |
| | **1,051,684** | **822,062** | **1,254,146** | **2,625,536** | **5,479,315** |

*Rinneadh figiúirí na bliana roimhe a athshonrú chun ábhair bhronnta agus cheannaithe a chur san áireamh

## 13. Infháltais

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 127,727 | 74,209 |
| Ioncam Fabhraithe | 14,501 | 20,177 |
| Féichiúnaithe | 272,840 | 283,602 |
| | **415,068** | **377,988** |



## 14. Suimeanna Iníoctha

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 489,751 | 417,636 |
| Cánachas agus Leas Sóisialach | 179,562 | 143,575 |
| Creidiúnaithe Trádála | 97,073 | 187,903 |
| | **766,386** | **749,114** |

## 15. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 5 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh le príomhphearsana bainistíochta.

Glacann an Leabharlann Náisiúnta nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird.
I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh an Leabharlann Náisiúnta deontais a fhaomhadh nó socruithe conarthacha eile a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí Boird na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu iontu.

Bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici, le haghaidh forbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a éascú agus le haghaidh leabhair phriontáilte, lámhscríbhinní agus ábhar eile le hÉireannaigh nó a bhaineann le hÉirinn a fháil. Is páirtithe gaolmhara iad an Leabharlann Náisiúnta agus an tIontaobhas mar gur comhaltaí reatha de Bhord na Leabharlainne Náisiúnta nó dá foireann bhainistíochta iad formhór na nIontaobhaithe. Rialaíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Ullmhaíonn an tIontaobhas ráitis airgeadais bhliantúla a ndéanann gnólacht iniúchóirí tráchtála iniúchadh orthu. Is don bhliain dar críoch an 30 Aibreán 2021 na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí atá ar fáil ina bhfuil caiteachas de €5,727 (2020: €11,898); ioncam de €13,256 (2020: €náid); agus cúlchistí coinnithe ioncaim/glansócmhainní dheireadh na bliana de €470,189 (2020: €462,660) taifeadta. Ní raibh idirbhearta ar bith ann idir an tIontaobhas agus an Leabharlann Náisiúnta le linn 2021.

## 16. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe comparáideacha a athghrúpáil agus a athaicmiú ar an mbonn céanna is a dhéantar sa bhliain reatha.

## 17. Dliteanais Theagmhasacha

Tá LNÉ rannpháirteach in éileamh díobhála pearsanta atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Cuireadh méid ar fáil laistigh de Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha i Nóta 14 a bhaineann leis an éileamh sin. Ní chuirtear sonraí eile ar fáil ionas nach rachfaí chun dochair do sheasamh LNÉ maidir leis an éileamh.

## 18. Imeachtaí i nDiaidh na Tréimhse Tuairiscithe

Ní raibh imeachtaí ar bith ann idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo le haghaidh ceiste lena dteastódh coigeartú ar na ráitis airgeadais.

D'éirigh an Stiúrthóir, an Dr. Sandra Collins, as a post le LNÉ i Márta 2022. Ghlac an Leas-Stiúrthóir, Katherine McSharry, ról de Stiúrthóir Gníomhach i Márta 2022 agus tá próiseas earcaíochta chun ról an Stiúrthóra a líonadh ar siúl.

## 19. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais an 4ú Lúnasa 2022.



Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an leabharlann oifigiúil d'Éirinn. Bunaíodh í i 1877 agus comhroinneann muid scéal na hÉireann leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do níos mó ná dhá mhilliún earra déag, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Bíonn an Leabharlann ar oscailt, saor in aisce, dóibh siúd uile ar mian leo breathnú ar na bailiúcháin

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do 2022-2026 ná Bailigh, Cosain, Nocht, Dul i dTeagmháil agus Nuáil.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.nli.ie.

Lean LNÉ

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland